Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15701/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0358 (COD)**

**TELECOM 418**
**COMPET 1206**
**MI 933**
**DATAPROTECT 306**
**JAI 1738**
**CODEC 1873**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 838 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 838 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 838 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 838 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le bunú Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa**

{SWD(2025) 837 final}

# IARSCRÍBHINN

## Ceanglais maidir le feidhmiúlachtaí íosta agus ceanglais theicniúla Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa

### 1. Fíordheimhniú Aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa

Ní dheonófar rochtain ar Aonad Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go dtí go mbeidh úsáideoir Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa fíordheimhnithe go rathúil trí bhíthin ceachtar de na modhanna seo a leanas:

(1) modh ríomh-shainaitheantais faoina dtugtar fógra i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, lena gcomhlíontar ar a laghad na ceanglais le haghaidh leibhéal suntasach dearbhaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 8 den Rialachán sin agus mar a shonraítear a thuilleadh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502 ón gCoimisiún; nó

(2) sásra fíordheimhnithe malartach a aithnítear a bheith coibhéiseach agus a chomhlíonann ar a laghad na ceanglais le haghaidh leibhéal suntasach dearbhaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus mar a shonraítear a thuilleadh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502 ón gCoimisiún.

Go dtí go mbeidh an fíordheimhniú sin curtha i gcrích, ní chuirfear aon fheidhmiúlacht de chuid Aonad Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa ná aon fheidhmiúlacht eile ar fáil don úsáideoir Tiachóg.

### 2. Sláine Aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa

Déanfaidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, i gcás gach aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa, fianú aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa a ghiniúint agus a shíniú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i bpointe 5. Eiseofar an deimhniú a úsáidfear chun an fianú aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa a shíniú nó a shéalú faoi dheimhniú a liostaítear sa liosta iontaofa dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2980 ón gCoimisiún.

### 3. Cumarsáid shlán agus bainistiú sócmhainní criticiúla i dTiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa

(1) Úsáidfidh cúl Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa feidhmchlár cripteagrafach slán Tiachóige agus gaireas cripteagrafach slán Tiachóige amháin ar a laghad chun sócmhainní criticiúla a bhainistiú.

(2) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa sláine, barántúlacht agus rúndacht na cumarsáide idir feidhmchláir chripteagrafacha agus gaireas cripteagrafach cúil, tosaigh agus slán na Tiachóige Gnó.

(3) I gcás ina mbaineann sócmhainní criticiúla le ríomh-shainaitheantas a dhéanamh ar leibhéal dearbhaithe substaintiúil, déanfar na hoibríochtaí cripteagrafacha Tiachóige haghaidh Ghnó na hEorpa nó na hoibríochtaí eile lena bpróiseáiltear sócmhainní criticiúla i gcomhréir leis na ceanglais maidir le saintréithe agus dearadh modhanna ríomh-shainaitheantais ar leibhéal dearbhaithe substaintiúil, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502 ón gCoimisiún.

## 4. FEIDHMCHLÁIR CHRIPTEAGRAFACHA SHLÁNA TIACHÓG

(1) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go ndéanfaidh feidhmchláir agus gléasanna cripteagrafacha slána Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfaidh siad oibríochtaí cripteagrafacha na tiachóige lena mbaineann sócmhainní criticiúla seachas na sócmhainní sin a bhfuil gá leo chun gur féidir leis an aonad Tiachóige úinéir na Tiachóige a fhíordheimhniú i gcásanna ina bhfuil úsáideoirí Tiachóige fíordheimhnithe go rathúil ag na feidhmchláir sin, agus sna cásanna sin amháin;

(b) i gcás ina bhfíordheimhníonn siad úinéir Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa i gcomhthéacs ríomh-shainaitheantas a dhéanamh ar leibhéal dearbhaithe 'suntasach' mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502;

(c) go mbeidh siad in ann eochracha cripteagrafacha nua a ghiniúint go slán;

(d) go mbeidh siad in ann sócmhainní criticiúla a léirscriosadh go slán;

(e) go mbeidh siad in ann cruthúnas a ghiniúint go bhfuil eochracha príobháideacha ina seilbh acu;

(f) go gcosnóidh siad na heochracha príobháideacha a ghintear leis na feidhmchláir agus gléasanna cripteagrafacha slána Tiachóg sin le linn na heochracha a bheith ann;

(g) go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le saintréithe agus dearadh modhanna ríomh-shainaitheantais ar leibhéal dearbhaithe substaintiúil, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502.

## 5. BARÁNTÚLACHT AGUS BAILÍOCHT AONAID TIACHÓG

(1) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go mbeidh eochracha poiblí i bhfianuithe aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear i bpointe 1 agus go gcosnófar na heochracha príobháideacha comhfhreagracha le gaireas cripteagrafach slán Tiachóg.

(2) Soláthróidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa sásraí, neamhspleách ar aonaid Tiachóg, chun úsáideoirí Tiachóg a shainaithint agus a fhíordheimhniú ar bhealach slán.

## 6. CÚLGHAIRM FIANUITHE AONAID TIACHÓG

(1) Bunóidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa beartas a bheidh ar fáil go poiblí ina sonrófar na coinníollacha agus an tréimhse ama chun fianuithe aonaid Tiachóg a chúlghairm.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6, i gcás ina gcúlghairfidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa fianuithe aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, cuirfidh siad na húsáideoirí Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig ó chúlghairm a n-aonad Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, lena n-áirítear an chúis leis an gcúlghairm agus na hiarmhairtí don úsáideoir

Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa. Soláthrófar an fhaisnéis sin ar bhealach atá gonta, inrochtana go héasca agus i dteanga shoiléir shimplí.

(3) I gcás ina mbeidh fianú aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa cúlghairthe ag soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, cuirfidh siad stádas bailíochta an fhianaithe aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa ar fáil go poiblí agus tabharfaidh siad tuairisc ar shuíomh na faisnéise sin i bhfianú aonaid na Tiachóige Gnó.

## 7. LOGAÍ BEARTAÍOCHTA

(1) Soláthróidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa beartas logála iomchuí lena n-áireofar, ar a laghad, ríomhshíniú, ríomhshéalú, agus fógraí maidir le gach idirbheart le páirtithe is úsáideoirí Tiachóige gnó, aonaid eile Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, agus aonaid Tiachóg Eorpach Céannachta Digití, gan beann ar cibé acu a chuirtear an t-idirbheart i gcrích go rathúil nó nach gcuirtear.

(2) Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis arna logáil:

(a) am agus dáta an idirbhirt;

(b) ainm, sonraí teagmhála, agus aitheantóir uathúil an pháirtí is úsáideoir Tiachóige chomhfhreagraigh le haghaidh Ghnó na hEorpa agus an Bhallstáit ina bhfuil an páirtí is úsáideoir Tiachóige sin le haghaidh Ghnó na hEorpa bunaithe, nó i gcás aonaid Tiachóg eile, faisnéis ábhartha ón bhfianú aonaid Tiachóg;

(c) cineál nó cineálacha na sonraí a iarradh agus a cuireadh i láthair san idirbheart;

(d) i gcás idirbhearta nár cuireadh i gcrích, an chúis nár cuireadh i gcrích iad.

(3) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa sláine, barántúlacht agus rúndacht na faisnéise logáilte.

(4) Le bogearra cúil Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa logálfar tuarascálacha ó úsáideoir na dTiachóg chuig na húdaráis inniúla tríd an aonad Tiachóige, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí a bhaineann le fógraí, comhlíonadh rialála, comhroinnt sonraí, nó iarrataí ar iniúchadh.

(5) Beidh rochtain ag an soláthraí Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa ar na logaí dá dtagraítear i bhfophointí 1 agus 2, i gcás inar gá sin chun seirbhísí Tiachóg a sholáthar.

(6) Beidh rochtain ar na logaí dá dtagraítear i bhfophointí 1 agus 2 a fhad a cheanglaítear iad a bheith inrochtana le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

## 8. RÍOMHSHÍNITHE AGUS RÍOMHSHÉALAÍ CÁILITHE

(1) I gcomhréir le hAirteagal 6, áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go mbeidh úsáideoirí Tiachóg in ann deimhnithe cáilithe a fháil le haghaidh ríomhshínithe cáilithe nó ríomhshéalaí cáilithe atá nasctha le gléasanna cruthaithe sínithe nó séala cáilithe atá áitiúil, seachtrach nó cianda i ndáil leis an aonad Tiachóg.

(2) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa gur féidir le réitigh Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa comhéadan slán a dhéanamh le ceann de na cineálacha gléasanna cruthaithe sínithe nó séala cáilithe seo a leanas: gléasanna cruthaithe sínithe nó séala logánta, seachtracha nó a bhainistítear ó chian chun na deimhnithe cáilithe dá dtagraítear i bhfophointe 1 a úsáid.

## 9. FEIDHMCHLÁIR CRUTHAITHE SÍNITHE

(1) Maidir leis na feidhmchláir cruthaithe sínithe a úsáideann aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, féadfaidh soláthraithe Tiachóg haghaidh Ghnó na hEorpa, soláthraithe seirbhísí iontaoibhe nó páirtithe is úsáideoirí Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa iad a sholáthar.

(2) Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag feidhmchláir cruthaithe sínithe:

(a) sonraí a shíniú nó a shéalú a chuireann úsáideoirí Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa ar fáil;

(b) sonraí a shíniú nó a shéalú a chuireann na páirtithe is úsáideoirí ar fáil;

(c) sínithe nó séalaí a chruthú i gcomhréir leis an bhformáid éigeantach ar a laghad;

– sínithe nó séalaí a chruthú i gcomhréir leis an bhformáid roghnach;

– úsáideoirí Tiachóg a chur ar an eolas faoi thoradh an phróisis cruthaithe sínithe nó séala.

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 6 lena sonraítear na caighdeáin theicniúla dá dtagraítear i bhfophointe 2, litreacha (c) agus (c)(ii).

(3) Féadfar na feidhmchláir cruthaithe sínithe a chomhtháthú i gcúl Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa nó a bheith lasmuigh díobh. I gcás ina mbraitheann feidhmchláir cruthaithe sínithe ar ghléasanna cruthaithe sínithe cianda cáilithe agus i gcás ina gcomhtháthaítear iad i gcúl Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, tacóidh siad leis an gcomhéadan feidhmchláir a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme, ar comhéadan é a dtugtar de chumhacht don Choimisiún é a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

## 10. ONNMHAIRIÚ AGUS INIOMPARTHACHT SONRAÍ

Tacóidh Tiachóga Gnó le honnmhairiú agus iniomparthacht shlán sonraí Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa de chuid úinéara i bhformáid oscailte ar a laghad. Cuirfidh sé sin ar chumas an úinéara a shonraí a aistriú chuig réiteach Tiachóg Gnó eile agus leibhéal dearbhaithe 'suntasach' ar a laghad á áirithiú an tráth céanna, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502.

## 11. BEALACH CUMARSÁIDE DLÍTHIÚIL SLÁN LE HAGHAIDH NA TIACHÓIGE GNÓ

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, comhtháthóidh Tiachóga Gnó úsáid ríomhsheirbhíse seachadta cláraithe cáilithe sonraí agus tacóidh siad leis

an úsáid sin i gcomhréir le hAirteagail 43 agus 44 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

(2) Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas:

(a) ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe amháin a ainmniú, a bheidh ina bealach cumarsáide dlíthiúil slán éigeantach do Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa;

(b) sainiú a dhéanamh ar na híoscheanglais theicniúla agus idir-inoibritheachta nach mór don ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear ailíniú leis na caighdeáin tagartha, sonraíochtaí agus nósanna imeachta a bhunaítear faoi Airteagail 43 agus 44 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

(c) a áirithiú go bhfuil an ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe roghnaithe bunaithe ar chaighdeáin oscailte, atá ar fáil go poiblí agus saor ó ríchíosanna chun idir-inoibritheacht a ráthú agus chun gaibhniú díoltóirí a chosc;

(d) a áirithiú go soláthróidh an ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe roghnaithe criptiú ó cheann go ceann chun rúndacht a ráthú;

(e) nósanna imeachta a bhunú chun infhaighteacht leanúnach, iomarcaíocht agus sásraí cúltaca a áirithiú i gcás ina dteipfeadh ar sheirbhís.

(3) Beidh idir-inoibritheacht idir Tiachóga Gnó agus an ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe ainmnithe éigeantach. Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg Gnó comhtháthú teicniúil i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i bhfophointe 2.

## 12. An Sásra um Rialú Rochtana i dTiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa

(1) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go mbeidh cinntí údarúcháin faoin sásra um rialú rochtana bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas, de réir mar is iomchuí maidir leis an iarraidh shonrach ar rochtain:

(a) ríomhdhearbhú tréithe an ábhair ghníomhaigh;

(b) ról foirmiúil na n-ábhar gníomhach laistigh de struchtúr eagraíochtúil aitheanta nó d’oibreoir eacnamaíoch aitheanta;

(c) raon feidhme, bailíocht agus srianta aon sainordaithe, tarmligin, nó cumhachta aturnae;

(d) faisnéis chomhthéacsúil nó beartais agus rialacha arna nglacadh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta maidir le comhlíonadh earnáilsonrach.

(2) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go gcumasófar leis an sásra rialaithe rochtana torthaí údaraithe mionsonraithe agus in-iniúchta, lena n-áiritheofar an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh infheictheacht na ndintiúr agus na bhfianuithe roghnaitheach agus coinníollach ar chearta rochtana;

(b) go rialófar rochtain ar phróisis ghnó, ar nósanna imeachta digiteacha nó ar chomhéadain tíolactha le bailíochtú fíor-ama ar róil agus ar shainorduithe;

(c) go ndéantar gach imeacht rochtana agus forghníomhaithe a logáil, a stampáil ó thaobh ama de, agus go mbeidh siad ceangailte le cruthúnais údaraithe atá infhíoraithe go cripteagrafach, atá oiriúnach d'imeachtaí iniúchóireachta agus dlíthiúla.

(3) Áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an méid seo a leanas:

(a) go mbeidh mapálacha idir róil agus tréithe infhíoraithe, in-iniúchta, in-chúlghairthe agus inrianaithe chuig a n-eisitheoirí dlisteanacha;

(b) go ndéanfar coinbhleachtaí ról, ró-tharmligean, nó údaruithe atá imithe in éag a bhrath agus a chosc go huathoibríoch i bhfíor-am;

(c) go bhfuil an loighic údaraithe uile idir-inoibritheach ar fud na mBallstát.

(4) Saineofar an liosta caighdeán tagartha, sonraíochtaí teicniúla agus nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm chun an sásra um rialú rochtana a chur chun feidhme sna gníomhartha cur chun feidhme, a dtugtar de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5 chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Cumhdófar an méid seo a leanas go háirithe leo sin:

(a) na formáidí chun róil agus tréithe a léiriú;

(b) sásraí idir-inoibritheachta le haghaidh sainorduithe agus tarmligin ar fud na dtiachóg;

(c) prótacail, teanga bheartais agus forfheidhmiú srianta;

(d) ceanglais maidir le logáil shlán, stampáil ama agus in-iniúchóireacht imeachtaí údarúcháin.

(5) Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh i gcás ina gcomhlíontar na caighdeáin, sonraíochtaí agus nósanna imeachta dá dtagraítear i bhfophointe 1.

## 13. FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE PRÓTACAIL AGUS COMHÉADAIN

I gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo, áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go ndéanfaidh aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an méid seo a leanas:

(1) iarrataí a údarú agus, i gcás inarb infheidhme, iad siúd a dhéantar trí dheimhnithe rochtana an pháirtí is úsáideoir nó trí fhianuithe aonaid Tiachóige a fhíordheimhniú. Beidh fíordheimhniú an pháirtí is úsáideoir ag teastáil i gcás ina bhfuil fianuithe beartaithe do lucht féachana srianta; i ngach cás eile, féadfaidh aon pháirtí iarrthach fianuithe a thíolacadh;

(2) faisnéis a chur ar taispeáint d'úsáideoirí Tiachóige atá i ndeimhnithe rochtana an pháirtí is úsáideoir tiachóige gnó, nó i bhfianuithe aonaid na dTiachóg i gcás inarb infheidhme;

(3) go dtaispeánfar na tréithe a iarrtar ar úsáideoirí Tiachóg a chur i láthair d'úsáideoirí Tiachóg, i gcás inarb infheidhme;

(4) fianuithe aonaid Tiachóige an aonaid Tiachóige a chur faoi bhráid páirtithe is úsáideoirí Tiachóige gnó nó na n-aonad Tiachóg a iarrann iad.

## 14. Eisiúint ríomhdhearbhuithe tréithe d'aonaid Tiachóg

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa go mbeidh aonaid Tiachóige Gnó a iarrann go n-eiseofar ríomhdhearbhuithe tréithe in ann páirtithe is úsáideoirí a fhíordheimhniú.

(2) I ndáil le ríomhdhearbhuithe tréithe a eisiúint d'aonad Tiachóige, áiritheoidh soláthraithe Tiachóg go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) i gcás ina n-iarrfaidh úinéirí Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, trína n-aonad Tiachóige Gnó, ar sholáthraí na Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa sonraí aitheantais úinéara Tiachóg Gnó nó ríomhdhearbhuithe tréithe a eisiúint ó sholáthraithe sonraí aitheantais úinéara Tiachóg Gnó nó ó sholáthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe lena gcumasaítear sonraí aitheantais nó ríomhdhearbhuithe tréithe úinéara Tiachóg Gnó a eisiúint i níos mó ná formáid amháin, iarrfaidh an t-aonad Tiachóige iad i ngach formáid dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán seo lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Tiachóga Gnó a mhéid a bhaineann le sláine agus croífheidhmiúlachtaí na dTiachóg Gnó;

(b) i gcás ina n-úsáideann úinéirí Tiachóg Gnó a n-aonad Tiachóg Gnó chun idirghníomhú le húdaráis náisiúnta inniúla agus le soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe, cumasóidh aonaid Tiachóige fíordheimhniú agus bailíochtú chomhpháirteanna aonaid Tiachóige trí na fianuithe aonaid Tiachóige a chur isteach chuig na húdaráis agus chuig na soláthraithe náisiúnta inniúla sin arna iarraidh sin dóibh;

(c) Tacóidh réitigh tiachóige le sásraí lena gcuirfear ar chumas soláthraithe Sonraí Aitheantais Úinéara Tiachóg Gnó eisiúint, seachadadh agus gníomhachtú a fhíorú i gcomhréir le ceanglais an leibhéil dearbhaithe 'suntasach' a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1502 ón gCoimisiún (11);

(d) Fíoróidh aonaid tiachóige barántúlacht agus bailíocht sonraí aitheantais úinéara Tiachóg Gnó agus ríomhdhearbhuithe tréithe.

## 15. Tréithe a chur i láthair na bpáirtithe is úsáideoirí Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa

I gcomhréir le hAirteagal 5, mír 1, pointe (d) agus pointe (k), áiritheoidh soláthraithe Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa an méid seo a leanas:

(1) go dtacaíonn réitigh Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa le prótacail agus comhéadain chun tréithe a chur i láthair páirtithe is úsáideoirí Tiachóige Gnó i gcomhréir leis na caighdeáin a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme;

(2) Arna iarraidh sin d'úsáideoirí, go bhfreagraíonn aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa d'iarrataí arna bhfíordheimhniú agus arna mbailíochtú go rathúil ó pháirtithe is úsáideoirí Tiachóige Gnó i gcomhréir leis na caighdeáin a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme;

(3) go dtacóidh aonaid Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa lena chruthú go bhfuil eochracha príobháideacha acu a chomhfhreagraíonn d'eochracha poiblí a úsáidtear i gceangaltáin chripteagrafacha.

## 16. Sonraí aitheantais Úinéara Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa a eisiúint d'aonaid Tiachóg

(1) Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcomhlíonfaidh sonraí aitheantais úinéara Tiachóg Gnó a eisítear d'aonaid Tiachóg Gnó na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

(2) Áiritheoidh na húdaráis náisiúnta inniúla go mbeidh sonraí aitheantais úinéara Tiachóg Gnó a eisíonn siad ceangailte go cripteagrafach leis an aonad Tiachóg dá n-eisítear iad.

## 17. Eisiúint ríomhdhearbhuithe tréithe d'aonaid Tiachóg

(1) Comhlíonfaidh ríomhdhearbhuithe tréithe a eisítear d'aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa ceann amháin ar a laghad de na caighdeáin sa liosta a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.

(2) Déanfaidh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe iad féin a shainaithint d'aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa trí úsáid a bhaint as a ndeimhniú rochtana um páirtí is úsáideoir tiachóige.

(3) Áiritheoidh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe go mbeidh an fhaisnéis is gá chun na ríomhdhearbhuithe tréithe sin a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú i ríomhdhearbhuithe tréithe a eisítear d'aonaid Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa.